

Seasann A do:

Algartaim - téann siad i bhfeidhm ar ár saol

Is sraith treoracha céim ar chéim é algartaim a úsáidtear chun tasc a chur i gcrích. Sa mhata is sraith treoracha iad algartaim chun fadhb a réiteach. Má théann tú tríd na céimeanna riachtanacha san ord ceart, gheobhaidh tú an réiteach ceart. Mar shampla, chun achar ciorcail a ríomh: faigh an ga, ansin cearnaigh é, ansin iolraigh an uimhir sin faoi pí.



al-Kwarizmi

Tagann an focal algartaim ón ainm an mhataimiceora Pheirsigh mór-le-rá al-Khwarizmi a d'oibrigh i mBagdad sa 9ú haois. Ba é Bagdad an príomhionad foghlama an uair sin: ag sábháil, ag aistriú agus ag leathnú shaothair na bhfealsúna Gréagacha. Chuir siad na huimhreacha Hiondúcha-Arabacha a úsáidimid inniu le matamaitic na Gréige agus d'fhorbair siad ailgéabar. Léiríonn sé seo gur forbraíodh an mhataimaitic ag go leor cultúir ar fud na staire. Sa 12ú haois, aistríodh saothair al-Khwarizmi go Laidin agus léadh iad ar fud na hEorpa. al-Khwarizmi.

Aistríodh a ainm ar dtús mar Algorizmi agus le himeacht aimsire rinneadh algartaim de agus úsáideadh é chun cur síos a dhéanamh ar shraith rialacha céim ar chéim chun fadhb a réiteach.



Ada Lovelace

Bhí Ada Lovelace (1815-1852) beo ag am nuair a bhí bacainní móra san oideachas do mhná. Mar sin féin, ba ó theaghlach uasaicmeach í Ada agus chinntigh a máthair go bhfuair sí oideachas sa bhaile ó theagascóirí príobháideacha. Bhí mata agus eolaíocht san áireamh leis seo. D'éirigh go hiontach le Ada sa mhata agus rinne sí cairdeas le Charles Babbage, duine de mhataimiceoirí is fearr na linne sin.



Charles Babbage

Chum Babbage ríomhaire meicniúil (nár tógadh riamh) agus cuirtear síos d'Ada gurb í a scríobh an chéad chlár ríomhaire dó. Cheap Babbage nach raibh aon chuspóir ag a mheaisín ríomhanna móra a dhéanamh, ach chonaic Ada níos faide ná sin agus mhol sí go bhféadfaí é a úsáid chun faisnéis a phróiseáil ar shlí níos leithne. Déantar comóradh uirthi ar Lá Ada Lovelace, a bheidh á cheiliúradh le linn na Seachtaine Mata 2025 ar an 14 Deireadh Fómhair.



Algartaim agus na meáin shóisialta

Is cuid riachtanach de chlár ríomhaireachta iad algartaim: feidhmíonn ár ndomhan digiteach ar algartaim, ach cé mhéad dár saol atá á réachtáil ag algartaim?

Tuilleann ardáin na meán sóisialta airgead ó fhógraíocht, mar sin ba mhaith leo go bhfanfaí orthu ar feadh thréimhsí chomh fada agus is féidir agus go leanfaí ort ag teacht ar ais chun gur féidir leo fógraí a thabhairt duit. Chun é seo a dhéanamh, tá algartaim forbartha acu a úsáideann d'aois, d'inscne, do shuíomh agus stair do scrollaithe chun ábhar a roghnú duit.



Intleacht Shaorga (AI)



Is iad algartaim bloic tógála na hintleachta saorga (AI). Úsáideann córas AI algartaim chun foghlaim ó mhéideanna móra sonraí ach is féidir leis dul níos faide ná na halgartaim sin.

Is cineál algartaim é oideas (recipe) ina n-úsáideann tú comhábhair ar leith agus seicheamh céimeanna chun béile áirithe a dhéanamh. Foghlaimíonn daoine cócaireacht trí chloí go docht le hoidis. Tar éis go leor oideas a dhéanamh, tosaíonn tú ag foghlaim na nithe a oibríonn agus a bhfuil blas deas orthu, agus faoi dheireadh thiar is féidir leat athruithe nua agus fiú oidis nua a chruthú.

Mar sin, bhí tráth nuair nár lean ríomhairí ach algartaim a scríobh daoine ach anois, mar gheall ar fhoghlaim meaisín, is féidir leo foghlaim ó shonraí agus cinntí a dhéanamh gan treoracha díreacha.

